

## Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh

### Beartas um Chomhionannais 2016

#### Ráiteas Réamhrá

Rinneadh an polasaí seo a athbhreithniú i Mí Meán Fómhair 2015 agus bhí foireann na scoile, na tuismitheoirí agus an Bord Bainistíochta páirteach ann.

#### Réasúnaíocht

Tá sé riachtanach polasaí a cheapadh maidir le comhionannas ag an am seo:

o Chun chur ar chumas gach dalta teacht a bheith aige ar agus a bheith rannpháirteach in a chuid oideachais féin

o Chun prionsabail an chirt agus an chomhionannais do chách a chur chun cinn

o Machnamh criticiúil ar noirm agus ar chleachtais scoile a spreagadh

o Comhlíonadh le Reachtaíocht Comhionannas - An tAcht Oideachais 1998, An tAcht um Stádas Comhionann 2000, An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta 1998

o Tá athbhreithniú le déanamh ar an bpolasaí atá ann faoi láthair

#### Gaol le spiorad sáiniúil na scoile

Déan ceangal idir fealsúnacht agus éiteas na scoile agus an polasaí más oiriúnach, m.sh.

Tá ceangaltas ar Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh daltaí a ullmhú don saol i sochaí ilchultúrtha agus luachanna a chur chun cinn ar nós meas ar chách, caoinfhulaingteacht, agus tuiscint ar dhifríochtaí, ar chultúir agus ar reiligiúin eile.

Tá ceangaltas ar Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh a chur ar a chumas gach dalta a bheith rannpháirteach go hiomlán i ngníomhaíochtaí uile na scoile.

#### Aidhmeanna

Tríd an bpolasaí seo a thabhairt isteach teastaíonn ón scoil go hidéalach :

Comhdheiseanna a bhronnadh ar gach duine

Timpeallacht a chruthú ina mbíonn meas ar éagsúlacht agus ina ndéantar í a cheiliúradh

Go mothaíonn gach duine inár scoil go bhfuil luach ag baint leis/léi agus go bhfuil meas air/uirthi

Chun cinntiú go gcomhlíonann an scoil riachtanais reachtaíochta agus prionsabail deáchleachtais

#### Ábhar an pholasaí

Fís agus Aidhmeanna

Cuirtear chun cinn prionsabail chomhionannas rochtana, deiseanna agus rannpháirtíocht trí fhís, ethos agus aidhmeanna na scoile.

#### Réimsí Riaracháin

##### Clárú

Ceanglaítear Polasaí Cláraithe na scoile leis an bhfoirm chláraithe

Mínítear spiorad sáiniúil, aidhmeanna agus fís na scoile sa Leabhrán do Thuismitheoirí agus ar shuíomh idirlín na scoile.

Cuirtear daltaí isteach i ranganna a oireann dá n-aois.

Cuirtear san áireamh ar an bhfoirm chláraithe go bhféadfadh tuismitheoirí a bheith scartha, colscartha, den chineál ghnéas céanna nó gurbh fhéidir teaghlach aon tuismitheora a bheith i gceist.

##### Foireann

Comhlíonann nósanna imeachta ceapacháin a leanann an Bord Bainistíochta Bunreacht na mBord agus Rialacha Nós Imeachta do Scoileanna Náisiúnta, DES, 2007.

Cuirtear baill foirne ar an eolas faoi fhorbairtí maidir le saincheisteanna comhionannais m.sh. reachtaíocht, treoirlínte nua trí chiorcláin a scaipeadh orthu.

☐☐Cuirtear baill foirne ar an eolas faoi eagraíochtaí atá in ann eolas a sholáthar nó tacaíocht a thabhairt trí fhógraí a scaipeadh orthu ó CMÉ, CPSMA agus An Chomhairle Mhúinteoireachta.

## Rannpháirtíocht Tuismitheoirí

☐☐Spreagann an scoil ionadaíocht leathan i gCumann na Tuismitheoirí i ndáil le hinscne agus le grúpaí sochaíeacnamaíocha éagsúla trí mhíniú ag Cruinniú Chinn Bliana Chairde na Scoile go bhfuil an fháilte chéanna roimh mháithreacha agus athracha, agus caomhnóirí den dá inscne bheith ina mball.

☐☐Cuirtear tuismitheoirí ar an eolas maidir le cur chuige na scoile i leith saincheistanna comhionannais ag Cruinniú do Thuismitheoirí Nua i agus le grúpaí sochaíeacnamaíocha éagsúla Mí Aibreáin gach bliain agus trí fhoilsiú an pholasaí seo.

## Éide Scoile

o Tá costas réasúnta ar an éide scoile agus bíonn sé ar fáil uair sa bhliain sa scoil agus ar feadh na bliana go léir ón soláithreoir. Is féidir é a cheannach ina siopa nó é a ordú ar líne le seachadhadh tríd an post.

o Tá rogha gúna scoile nó briste ag gach dalta.

o Níor eascraigh breithnithe cultúrtha/creidimh go fóill, agus deinfear cinneadh orthu má/nuair a eascraíonn siad.

o Tá cead ag gach dalta fáinní cluaise cruinne agus seodra eile a chaitheamh fhad is nach gceaptar gur baol iad i suíomh scoile.

o Ní chuirtear cosc ar aon stíl gruaige.

## Cód Iompair agus Polasaí Frith-Bhulaíochta

☐☐Cuireann ár gCód Iompair agus Polasaí Frith-Bhulaíochta meas a bheith ar chách chun cinn trí na caighdeáin iompair a leagtar síos iontu araon. Sa Pholasaí Frith-Bhulaíochta mínítear go soiléar nach nglacfar le gníomh ná briathar a léiríonn dímheas ar dhuine ar bith.

☐☐Tugann an Cód Iompair aghaidh ar nósanna imeachta d'fhonn déileáil le ráitis/eachtraí ciníocha, homophóbacha nó trasphóbacha trí na caighdeáin iompair ginearálta a leagtar síos ann

## Obair Bhaile

o Tugann an polasaí obair bhaile aghaidh ar shaincheistanna i ndáil le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu agus daltaí atá ar ardchumas.

o Spreagtar rannpháirtíocht tuismitheoirí in obair bhaile na bpáistí trí iarraidh orthu a chinntiú go gcríochnítear an obair go sásúil agus an obair féin/dialann obair bhaile a shíniú agus an t-am a caitheadh air a bhreacadh síos. Iarrtar ar thuismitheoirí nóta a scríobh sa dialann obair bhaile muna raibh an páiste in ann tabhairt faoin obair bhaile, deacrachtaí a bhí acu leis srl

o Is féidir le daltaí nach bhfuil rochtain acu ar TF agus ar leabhair thagartha sa bhaile na háiseanna sin a úsáid sa scoil idir 2.30 agus 3.30 i.n. ach cead a iarraidh ar an oide ranga.

## Acmhainní

☐☐Tacaíonn póstaer/tionscadail atá ar taispeáint le prionsabal agus cleachtas an chomhionannais.

☐☐Bíonn íomhánna dearfacha de chultúir eile ar taispeáint i dtimpeallacht na scoile/sa seomra ranga.

☐☐Tugtar aitheantas i dtéacsleabhair na ndaltaí do phrionsabail comhionannais agus measa ar éagsúlacht.

☐☐Tá leabhair i ngach leabharlann ranga a dhéanann taisceáladh ar chultúir éagsúla, struchtúir éagsúla teaghligh, ar ghnóthachtálacha eiseamláirí fear agus ban.

☐☐Bíonn rochtain chothrom ag buachaillí agus ag cailíní ar raon bréagán sna ranganna sóisearacha.

☐☐Bíonn acmhainní ar fáil d'fhonn tacú le daltaí a bhfuil míchumas foghlama acu.

## Clós Súgartha

Bíonn liathróid bhog amháin agus dhá théad scipeála fada amháin ag gach rang ó ranganna 1-6 le n-úsáid sa chlós súgartha.

Roinntear an spás súgartha ar na daltaí: Naíonáin, Ranganna 1&2, Ranganna 3&4, Ranganna 5&6

Cuirtear páirc imeartha na scoile ar fáil ag am súgartha do na ceithre ghrúpa ar a seal. Ranganna 3-6 ag brath ar an aimsir.

## **Turais agus Gníomhaíochtaí Eis-Churaclaim**

Bíonn deiseanna comhionannais ag na daltaí go léir a bheith páirteach i dturais scoile agus in imeachtaí a eagraíonn an scoil lasmuigh den scoil.

Bíonn fáil ag gach dalta ar na gníomhaíochtaí eis-churaclaim a chuireann an scoil chun cinn.

Tugtar cuireadh do thuismitheoirí a bhfuil srianta airgeadais acu cabhair a lorg faoi rún ón

bPríomhoide.

## **Aistriú go hIar-Bhunscoil**

Deintear cúram de thacú le daltaí leochaileacha leanúint dá n-oideachas trí chruinniú a eagraíonn an MTF leis an múinteoir cuí sa scoil ar a mbeidh an dalta ag freastal.

## **Curaclam**

Bíonn deiseanna cothroma ag gach dalta chun gach gné den churaclam a eispéiriú, chun a

bheith páirteach i ngníomhaíochtaí, acmhainní a úsáid.

Baintear úsáid as modheolaíochtaí múinteoireachta ar nós am ciorcail, foghlaim chomhoibríoch, grúpálacha d'fhonn tacú le comhtháthú agus d'fhonn comhionannas rannpháirtíochta a chur chun cinn.

Ní mór do thuismitheoirí ar mian leo a bpáiste a tharraingt siar ó chodanna den churaclam

iarratas a chur i scríbhinn. Chomh fada agus is féidir, deintear socruithe an páiste a lonnú i rang eile fad is a bhíonn na ceachtanna áirid á mhúineadh. Munar féidir socruithe cuí a dhéanamh, beidh ar na tuismitheoirí an dalta a thógáil amach as an scoil le linn na gceachtanna.

Deintear comaoin speisialta do dhaltaí a bhfuil míchumas foghlama ginearálta éadrom orthu nuair atá tástálacha caighdeánacha á riaradh. Cuirtear daltaí nach mbeidh ag déanamh trialacha caighdeánaithe i seomra ranga eile fad na trialach. Cuirtear cóiríocht speisialta ar fáil do dhaltaí a bhfuil míchumas fisiciúil orthu.

Déantar anailís ar dhialtaí gnóthachtálacha idir buachaillí agus cailíní agus go dtí seo is ionann iad araon. Tabharfar aghaidh orthu má tharlaíonn amach anseo go bhfuil difríocht eatarthu.

Deineann gach oide ranga monatóireacht ar theanga sa seomra ranga agus tugann siad dúshlán do mhíchothomachtaí /steiréitopaí más ann dóibh. Múintear ceachtanna ábharthacha i dTimpeall an Domhain agus sa chlár Bí Sábháilte. Cuirtear cailíní agus buachaillí araon ag glanadh i ndiaidh ceacht ealaíne, i mbun néataithe an tseomra ranga, folmhaithe boscaí athchúrsála ranga. Tá cothromaíocht inscne ar an gCoiste Glas agus sa Chlub Garraíodóireachta. Bíonn cailíní agus buachaillí Rang a 5 araon i mbun múinte rannta do na Naíonáin sa chlós.

Tugar aitheantas d'iarrachtaí sa Spórt do bhuachaillí agus chailíní araon trí Ghradam Lúthchleasaí na Bliana a bhronnadh ar an gcailín agus ar an mbuachaill is fearr a chruthaigh sa Chorpóideachas i Rang a Sé.

Baintear úsáid as roinnt ábhar m.sh. Teanga, Drámaíocht, Ceol, Amharcealaíona, OSPS agus OSIE d'fhonn:

o éagsúlacht a cheiliúradh – ealaín & ceol eitneach. Rincí, pearsaí spóirt, bia ó thíortha eile. o feasacht agus éadulaingt chultúrtha a chur chun cinn

o díriú ar shaothar agus ar ghnóthachtálacha Fhilí, úscéalaithe, ealaíontóirí, eolaithe, staraithe, geografaithe pearsa spóirt agus cinnirí den dá inscne. Tá réimse leathan leabhar thagartha i leabharlann na n-oidí agus sna leabharlanna ranga chuige seo

Is iad na gnéithe de churaclam an OSPS a dhéanann taiscéaladh ar chomhionannas, éagsúlacht agus ar an ilchultúrachas ná na snáitheanna ‘Mo chairde agus Daoine eile’ agus Caidreamh le Daoine eile’ i ranganna Naíonán – Rang 2, agus sa snáithaonad ‘Ag Forbairt Saoránaíochta’ i Ranganna 3-6. Tá réimse leabhar i ngach leabharlann ranga a bhfuil comhionannas, éagsúlacht agus ilchultúrachas mar ábhar acu.

Tugtar deiseanna d’fhonn taiscéaladh a dhéanamh ar theagasca agus ar luachanna creidimh agus cultúir eile trí cheachtanna ar fhéilte mhóra i dtíortha eile, scéalta beatha pháistí de chreidimh éagsúla agus as cultúir éagsúla.

Cuirtear oiliúnóirí spóirt agus múinteoirí speisialta eile ar an eolas faoin oibleagáid atá ar scoileanna daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chuimsiú ag leibhéal atá oiriúnach dá gcumais.

Tugtar deiseanna do na hardranganna ainilís a dhéanamh ar thuairisciú sna meáin chumarsáide ar scéalta nuachta sa snáithaonad Oideachas na Meán Cumarsáide san OSPS agus trí ‘E-scéal’ seachtanúil [Coláiste Oideachais Mharino] agus nuachtiris ‘Breadh’ trí eagrán sa bhliain, agus trí nuachtáin eile m.sh Saol, Foinse.

### **Critéir Rathúlachta**

Táscairí praiticiúla de rathúlacht an pholasaí ná go mbeidh:

Gach dalta ag rochtain agus páirteach i ngach réimse de shaol na scoile ag leibhéal atá oiriúnach dá riachtanais

Feasacht ar choincheap an chomhionannais agus an chirt

Laghdú i líon na n-eachtraí bulaíochta/ciníochais

Teanga oiriúnach ag daltaí agus úsáid cheart a bhaint aisti

Tuismitheoirí sásta leis na luachanna a chuirtear chun cinn sa scoil

### **Rólanna agus Freagracht**

Tá freagracht ar fhoireann uile na scoile, ar dhaltaí, ar thuismitheoirí, ar an m Bord Bainistíochta orthu maidir le gnéithe áirithe den pholasaí. Is faoi na hoidí ranga atá sé a chinntiú go dtugtar na deiseanna foghlama agus rannpháirtíochta do gach dalta de réir a chumas.

Is faoin bPríomhoide atá an fhreagracht a chinntiú go bhfuil imeachtaí agus eagar na scoile ag teacht le bunphrionsabail an chomhionannais.

#### **Dáta Chur i bhFeidhm**

Cuirfear na nósanna imeachta seo i bhfeidhm ar an 31/01/2016

Straitéisí trínar féidir linn monatóireacht a dhéanamh ar a chur i bhfeidhm ná :

Dír-breathnú pobal uile na scoile agus aischothú a lorg ó thuismitheoirí.

#### **Clár-ama Athbhreithnithe**

Déanfar an polasaí a athbhreithniú agus a leasú de réir mar is gá i rith na scoilbliana 2017/18.

#### **Daingniú agus Cumarsáid**

Dhaingnigh an Bord Bainistíochta an polasaí go hoifigiúil ar an 20/1/2016.

Fógrófar do bhaill phobal na scoile go bhfuil an polasaí ar fáil ó oifig na scoile agus ar

[www.scoiluidhalaigh.ie](http://www.scoiluidhalaigh.ie)

---

Natasha Ní Phreastúin.

Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta

Dáta: \_\_\_\_\_